CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 203/23

**Lucsamburg, 21 Nollaig 2023**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-333/21 | European Superleague Company

# Sáraíonn rialacha FIFA agus UEFA maidir le formheas roimh ré do chomórtais sacair idirchlub, amhail an Super League, dlí an Aontais Eorpaigh

*Tá siad ag teacht salach ar dhlí na hiomaíochta agus ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar*

Tá rialacha an Fédération internationale de football association (FIFA) agus an Union des associations européennes de football (UEFA) a fhágann go mbeidh aon tionscadal sacair idirchlub nua faoi réir a fhormheasa roimh ré, amhail an Super League, agus a chuireann cosc ar chlubanna agus imreoirí ó imirt sna comórtais sin, neamhdhleathach. Níl aon chreat ann do rialacha FIFA agus UEFA a áirithíonn go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach.

Ar an gcaoi chéanna, is dócha go gcuirfidh na rialacha a thugann smacht eisiach do FIFA agus UEFA ar shaothrú tráchtála chearta na gcomórtas sin srian ar iomaíocht, i bhfianaise thábhacht na gcomórtas sin do na meáin, do thomhaltóirí agus do lucht féachana san Aontas Eorpach.

Is cumainn iad **FIFA** agus **UEFA** arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil a gceanncheathrú acu san Eilvéis. Is é an cuspóir atá acu ná an creat don sacar a chur chun cinn agus a shocrú ar leibhéal domhanda agus Eorpach. Ghlac siad rialacha a thugann an chumhacht dóibh comórtais sacair idirchlub san Eoraip a fhormheas agus leas a bhaint as na cearta éagsúla meán a bhaineann leis na comórtais sin.

Tá cinneadh déanta ag 12 chlub sacair [1], Eorpacha comórtas sacair nua a bhunú, an **Super League**, tríd an gcuideachta Spáinneach **European Superleague Company**.

Chuir FIFA agus UEFA in aghaidh an tionscadail, ag bagairt smachtbhannaí a fhorchur ar chlubanna agus imreoirí a d'fhéadfadh a chinneadh a bheith rannpháirteach.

Thug an European Superleague Company caingean i gcoinne FIFA agus UEFA os comhair Chúirt Tráchtála Mhaidrid (an Spáinn) toisc go gcreideann sí go sáraíonn a rialacha maidir le formheas comórtas agus leas a bhaint as chearta na meán dlí an Aontais. Agus roinnt amhrais uirthi maidir leis an bhfíric go bhfuil monaplacht ag FIFA agus UEFA ar an margadh sin, inter alia, chuir cúirt na Spáinne ceisteanna faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

Cinneann an Chúirt gur léir **gur gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad comórtais sacair idirchlub a eagrú agus leas a bhaint as chearta meán cumarsáide**. **Ní mór dóibh, dá bhrí sin, rialacha na hiomaíochta agus na saoirse gluaiseachta a chomhlíonadh**, fiú má tá gnéithe sonracha áirithe ag baint le feidhmiú eacnamaíoch an spóirt, amhail comhlachais a bheith ann a bhfuil cumhachtaí rialála, maoirseachta agus smachtbhannaí acu. Tugann an Chúirt dá haire freisin go n-eagraíonn FIFA agus UEFA iad féin, i gcomhthráth leis na cumhachtaí seo, comórtais sacair.

Ina dhiaidh sin, chinn an Chúirt, i gcás ina bhfuil **an chumhacht ag gnóthas a bhfuil ceannasacht aige na coinníollacha a chinneadh faoina bhféadfaidh gnóthais a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht leis dul isteach sa mhargadh**, nach mór an chumhacht sin, i bhfianaise an riosca coinbhleachta leasa a chruthaíonn sí, **a bheith faoi réir critéar atá oiriúnach chun a áirithiú go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach**. Mar sin **féin, níl cumhachtaí FIFA agus UEFA á rialú ag aon chritéir dá leithéid. Tá FIFA agus UEFA, mar sin, ag baint mí-úsáide as seasamh ceannasach.**

**Ar an gcaoi chéanna, ní mór a rialacha maidir le formheas, maoirseacht agus pionóis a mheas mar shrianta nach bhfuil bonn cirt leo ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, i bhfianaise go bhfuil siad treallach.**

Ní gá, áfach, comórtas ar nós an **Super League** a fhormheas. Go deimhin, toisc go bhfuil an Chúirt ag ceistiú rialacha FIFA agus UEFA i dtéarmaí ginearálta, **ní ghlacann sí seasamh ar an tionscadal sonrach seo ina breithiúnas.**

Ag an am céanna, cuireann an Chúirt in iúl **gur dócha go ndéanfaidh rialacha FIFA agus UEFA ar shaothrú chearta na meán dochar do chlubanna sacair Eorpacha, do gach gnóthas a oibríonn i margaí na meán agus, ar deireadh, do thomhaltóirí agus do lucht féachana teilifíse, trí chosc a chur orthu leas a bhaint as comórtais nua, a d'fhéadfadh a bheith nuálaíoch nó suimiúil.** Is faoi Chúirt Tráchtála Mhaidrid, áfach, a fhionnadh an bhféadfaidh na rialacha sin dul chun sochair na bpáirtithe leasmhara éagsúla sa sacar, mar shampla trína chinntiú go ndéantar an t-ioncam a ghineann na cearta seo a athdháileadh ar bhealach a thacaíonn lena chéile.

**NÓTA:** Ligtear le tarchur chun réamhrialú do chúirteanna agus do bhinsí na mBallstát, i ndíospóidí a gcuirtear faoina mbráid, ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais faoi léirmhíniú dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoi bhailíocht gnímh de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid í féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta an cás a dhiúscairt de réir chinneadh na Cúirte, atá ceangailteach ar an gcaoi chéanna le cúirteanna nó binsí náisiúnta eile ina n-ardaítear saincheist den chineál céanna os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Is féidir íomhánna d'fhógairt an bhreithiúnais a fháil ó "Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Ba iad na clubanna seo a leanas i dtús báire: sa Spáinn, Club Atlético de Madrid, Fútbol Club Barcelona agus Real Madrid Club de Fútbol; san Iodáil, Associazione Calcio Milan, Football Club Internazionale Milano agus Juventus Football Club; agus, sa Ríocht Aontaithe, Arsenal Football Club, Chelsea Football Club, Liverpool Football Club, Manchester City Football Club, Manchester United Football Club agus Tottenham Hotspur Football Club.